

# COVID Tracker app



Coronavirus  
**COVID-19**  
Public Health  
Advice

Cuidigh linn srian a chur le scaipeadh COVID-19 in Éirinn

- Tá aip fón saor in aisce déanta ag FSS a chuidíonn le rianú teagmhála do COVID-19.
- Má úsáideann tú an aip, is féidir leat daoine a dtagann tú i dteagmháil leo a chosaint agus srian a chur le scaipeadh an choróinvíris.
- Cosnaíonn an aip do phríobháideacht agus is agat féin amháin a bheidh aon eolas a chuireann tú ar an aip.

## Cad is aip ann?

Ligeann aip nó feidhmchlár d'fhón póca tascanna áirithe a dhéanamh.

Is aipeanna iad Facebook, Instagram agus WhatsApp. B'fhéidir go bhfuil siad seo ar do fón.

## Má úsáideann tú an aip, is féidir leat:

- > foláireamh a fháil má bhí tú i ndlúth-theagmháil le duine a fuair toradh dearfach ar thástáil do COVID-19
- > foláireamh a thabhairt do dhaoine eile má fuair tú toradh dearfach ar thástáil don choróinvíreas – cuideoidh sé seo chun daoine eile a choinneáil slán
- > do chuid comharthaí a rianú agus comhairle a fháil maidir le céard ba cheart a dhéanamh má tá tú tinn
- > uasdátú a fháil go rialta, agus tú féin agus daoine eile a chosaint agus muid ag foghlaim le maireachtáil le COVID-19



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Cad a dhéanann an aip Rianaithe COVID?

## 1. Rianú teagmhálaithe

- Cuidíonn sé le rianú teagmhála a bhrostu agus comhairle cheart a chur ar níos mó daoine.

- Nuair a fhaigheann duine toradh dearfach do COVID-19, bíonn foirne rianaithe teagmhála FSS ábalta iad siúd a bhí i ndlúth-theagmháil leis an duine sin a aimsiú. D'fhéadfadh sé gur teaghligh, cairde nó daoine eile ar chaith

an duine am leo a bheadh i gceist. Déarfaidh an fhoireann rianaithe teagmhála leis na dlúth-theagmhálaithe seo cad ba chóir dóibh a dhéanamh agus tabharfar comhairle maidir le tástáil don COVID-19.


- Fiú má dhéanann tusa dearmad ar aon dhlúth-theagmhálaí, nó nach bhfuil aithne agat orthu, cuideoidh an aip chun iad seo a aimsiú. Déantar é seo ach coinnítear do phríobháideacht slán ag an am céanna.

## 2. Seiceáil Isteach COVID

Is féidir leat an aip a úsáid chun aon chomharthaí de COVID-19 atá ort a thaifeadadh agus comhairle a fháil faoi cad atá le déanamh. Bíonn an t-eolas seo gan ainm agus úsáidfear é chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil COVID-19 ag scaipeadh agus ag dul i bhfeidhm ar dhaoine in Éirinn.

## 3. Uasdátú maidir le COVID-19

Beidh úsáideoirí na haipse ábalta teacht ar an eolas is déanaí faoi COVID-19 in Éirinn.



## Conas a chosnófar mo phríobháideacht?

- Malartaíonn an aip taifid shlán, anaithnid nuair a bhíonn daoine a úsáideann an aip i ndlúth-theagmháil lena chéile. Ní roinnfidh an aip aon eolas fút le húsáideoirí eile choíche, agus ní bheidh teacht ag úsáideoirí ar aon eolas faoina chéile.
- Ní bhíonn d'ainm, d'áit ná do ghluaiseachtaí ar an aip. Bíonn do thaifid gan ainm agus stóráiltear iad ar d'fhón póca.
- Má fhaigheann tú toradh dearfach ar thástáil do COVID-19, is féidir leat do thaifid a uaslódáil chun foláireamh anaithnid a thabhairt do do dhlúth-theagmhálaithe.
- Féadfaidh tú d'uimhir fón póca a chur san aip. Glaofaídh an fhoireann rianaithe teagmhála ort, má fhaigheann tú foláireamh dlúth-theagmhála chun comhairle a thabhairt duit agus tástáil a shocrú, más gá.
- Má roghnaíonn tú feidhm Seiceála Isteach COVID a úsáid chun aon chomharthaí atá ort a thaifeadadh, féadfaidh tú an baile nó an contae ina bhfuil tú i do chónaí, d'aoisghrúpa agus d'inscne a roinnt, chun cabhrú le FSS scaipeadh COVID-19 in Éirinn a thuiscint.

## Conas is féidir liom an aip Rianaithe COVID a íoslódáil?


Tá dhá bhealach ann chun an aip a íoslódáil.

Roghnaigh 1 nó 2 thíos.

1. Téigh chuig [www.covidtracker.ie](http://www.covidtracker.ie) ar do ghuthán agus lean na céimeanna ar an leathanach.
2. Téigh go dtí an Google Play Store nó Apple App Store ar d'fhón póca. Cuardaigh 'COVID Tracker Ireland' agus cliceáil 'Install' nó 'Get'.

Nuair a dhéanann tú é seo, beidh deilbhín buí COVID Tracker le feiceáil ar scáileán do ghutháin.

Lean na céimeanna san aip chun é a chur ar siúl.



# An féidir liom an aip COVID Tracker a scríosadh de mo ghuthán?

Is féidir leat an aip a dhíshuiteáil ag am ar bith. Scríosfaidh sé seo na sonraí atá stóráilte ag an aip ar do fón. Scríosfar na sonraí a roinn tú le fóin eile freisin.

## Stop a chur le scaipeadh COVID-19

Cuideoidh an aip linn scaipeadh COVID-19 a rianú agus a stopadh agus muid ag athoscailt seirbhísí agus pobail.

Úsáidfean an aip i dteannta na gcéimeanna tábhachtacha eile ar féidir linn go léir a ghlacadh.

Ba chóir do gach duine leanúint ar aghaidh ag:

- ní a lámha go rialta
- clúdach casacht agus sraothartach
- cleachtadh scaradh sóisialta
- ag caitheamh clúdach aghaidhe i siopaí, iompar poiblí agus áiteanna eile a mbíonn sé deacair coinneáil amach ó dhaoine eile

Chabhraíomar go léir le srian a chur le scaipeadh COVID-19 in Éirinn. Dá mhéad daoine a íoslódálann agus a úsáideann an aip, is amhlaidh is mó a chabhróidh sé le srian a chur le scaipeadh COVID-19.

**Íoslódáil an aip inniu agus cuidigh linn iad siúd a bhfuil COVID-19 orthu a aimsiú agus cabhrú leo go tapa.**

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh chuig [covidtracker.ie](https://covidtracker.ie)

**Bí sábháilte. Coinnigí a chéile slán.**



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland